Polasaí Úsáid Imghlactha

Réamh ráiteas
Baineann an Polasaí Úsáid Imghlactha seo le húsaid idirlín i Scoil Chualann. Baineann sé, le páistí le baill foirne, oibrithe deonacha, tuismitheoirí nó aon duine a bhfuil rochtain idirlín acu i Scoil Chualann.

Cuireadh an polasaí seo le chéile trí phróiseas comhoibrithe idir foireann mhúinteoireachta na scoile, an Bord Bainistíochta agus Coiste na dTuismitheoirí. Tá sé i gceist go ndéanfaidh ionadaithe scoile agus tuismitheoirí athbhreithniú go tráthrialta ar an PUI. Iarrtar ar thuismitheoirí foirm cheadaithe maidir le húsáid idirlín a shíniú (Aguisín 1). Ba chóir an PUI a léamh go cúramach sula síneofar é, lena léiriú go dtuigtear agus go nglactar le coinníollach na húsáide. Iarrfar ar pháistí ó Rang 3 – Rang 6 conradh a shíniú a léiríonn go dtuigeann siad na rialacha a bhaineann le húsáid idirlín (Aguisín 2).

Glacann an leagan Gaeilge tosaíocht ar an leagan Béarla i gcás coimhlinte.

Aidhmeanna
Tuigimid gur acmhainní oideachais iad an teicneolaíocht, bogábhar ríomhaireachta agus an idirlíon. Cuirimid in iúl do thuismitheoirí go mbeidh teacht ag a bpáistí ar an idirlíon. Beidh na páistí faoi threoir múinteora agus iad ag plé leis.Ba chóir an polasaí a léamh chun a chinntiú dtuigtear agus go nglactar le coinníollacha an pholasaithe sula sínitear é.

Is í aidhm an Pholasaí Úsáide Imghlactha (PUI) a chinntiú go mbainfidh gach dalta tairbhe as na deiseanna foghlama a chuireann acmhainní idirlín na scoile ar fáil dóibh ar bhealach sábháilte, éifeachtach. Féachtar ar úsáid agus rochtain idirlín mar acmhainn agus mar phribhléid scoile. Mura gcomhlíontar polasaí PUI na scoile tarraingeofar siar an phribhléid agus gearrfar smachtbhannaí cuí - mar atá leagtha amach san PUI.

Straitéis na Scoile
Tá fáil ar an idirlíon i ngach seomra ranga. **Is le cead an mhúinteora amháin a úsáideann páiste an idirlíon.**

Nuair atá an idirlíon in úsáid, tá súil againn go mbeidh páistí, tuismitheoirí agus foireann scoile:
- Ag léiriú measa ar dhaoine eile i gcónaí
- Ag seachaint aon ghníomh a thabharfadh drochainm don scoil
- Ag léiriú measa ar chearta príobháideachta phobal na scoile
- Ag léiriú measa ar chóipcheart agus ag tabhairt aitheantas don údar nuair atá áiseanna ar líne á chóipeáil acu.

Déanfaidh Scoil Chualann déileáil le haon imeacht a tharlaíonn taobh amuigh d'am scoile is a bhfuil droch thionchar aige ar mheabharshláinte páiste nó ball foirne tríd na céimeanna atá leagtha síos sa pholasaí seo, sa chód iompar agus sa pholasaí frith-bhulaíochta. Sna cásanna seo, cuirfear na thuismitheoirí/caomhnóirí ar an eolas faoin mí-iompar ar líne agus cuirfear smachtbhannaí i bhfeidhm.

Cuirtear na straitéisí seo a leanas i bhfeidhm chun úsáid sábháilte idirlín a chur chun cinn:
- Tabharfar ceachtanna ar shábháilteacht ar líne do pháiste mar chuid den churaclam OSPS
- Tabharfar deiseanna do mhúinteoirí freastal ar chursaí maidir le sábháilteacht ar líne
- Cuirfear cruinnithe eolais do thuismitheoirí ar fáil chun treoir a thabhairt dóibh maidir le húsáid idirlín sábháilte sa bhaile.

Bainfear leas as roinnt straitéisí chun cur, chomh mór agus is féidir, le deiseanna foghlama agus, ag an am céanna, le contúirtí a bhaineann leis an idirlíon a laghdú. Seo a leanas na straitéisí:

- Beidh na páistí faoi threoir múinteora agus iad ag plé leis an idirlíón
- Bainfear leas as bogearraí scagtha agus/nó córais chomhionainn chun an baol a bhaineann le nochtadh ábhar míchuí a laghdú. Cuirfear smachtbhannaí i bhfeidhm ar aon pháiste a dhéanann iarracht an córas seo a shárú.
- Déanfaidh an scoil monatóireacht ar úsáid idirlín na ndaltaí.
- Cuirfear oiliúint ar fáil do dhaltaí agus do mhúinteoirí ar bhonn rialta maidir le sábhailteacht Idirlín.
- Bainfear leas as bogearraí cosanta víreas.
- Ní cheadófar íoschóipeáil nó ioslódáil a dhéanamh ar bhogearraí nach mbeidh ceadaithe ag an múinteoir.
- Is gá cead múinteora chun CD-Romanna nó áis stórais ríomhaireachta pearsanta (m.sh maide cuimhne) a úsáid sa scoil.
- Cleachtóidh gach duine dea "netiquette" (i.e etiquette ar an Idirlíon) ag gach tráth agus ní thabharfaidh siad faoi aon ghníomh a tharraingeoidh droch-cháil ar an scoil.

Ríomhphost

- Is faoi threoir múinteora amháin a bhainfear usáid as cuntais ceadaithe aitheanta ríomhphoist.
- Ní cheadófar do pháistí ríomhphost pearsanta a úsáid ar scoil.
- Ní sheolfaidh paistí agus ní ghlacfaidh siad le haon ábhar neamhdhlithiúil, aithiseach, nó a chuirfidh isteach ar aon bhealach ar dhuine eile.
- Ní nochtfaidh páiste eolas pearsanta fúthu fein ná faoi aon duine eile m sh. seoladh, uimhir ghutháin, griangraif.
- Ní shocróidh páiste coinne pearsanta le duine a bhuail leo ar an idirlíon.
- Is le cead múinteora amháin a osclófar agus a sheolfar iatáin.
- Ní bheidh fáil ag páistí ar sheomraí comhrá, fóram cainte nó aon fhóram cumarsáide leictreonach eile.
- Bainfear úsáid as ainm usáideora chun aitheantas a chosaint.

An Gréasán Domhanda

- Is chun críocha oideachais amháin a bhainfidh daltaí úsáid as an idirlíon.
- Ní rachaidh páistí chuig láithreáin idirlín ar a mbeidh ábhar ghraostachta, ábhar mídhleathach, ábhar fuatha nó aon ábhar míchuí eile.
- Cuirfidh páistí in iúl don mhúinteoir más rud é go n-aimsíonn siad ábhar mí-oiriúnach ar an idirlíon.
- Cuirfear oiliúint ar dhaltaí conas foinsí a úsáid i gceart agus conas aitheantas a thabhairt do chóipcheart daoine eile.
- Ní cheadaítear do dhaltaí eolas pearsanta a fhiolsiú nó a nochtadh ar líne maidir leo féin, daltaí eile nó foireann scoile. Ní chuirfear sonraí pearsanta na ndaltaí ar ghréasán na scoile (m.sh. sloinne, seoladh agus araile)
- Ní cheadaítear do pháistí ábhar nó íomhánna nach mbaineann leis an obair atá idir láimhe acu a íoslódáil.
- Cuirfear in iúl do pháistí go ndéanfar monatóireacht ar úsáid idirlín chun úsáid neamhghnách a aithint.
- Breathnóidh an múinteoir ar shuíomhanna sula n-úsáideann na páistí iad.
- Ar mhaithe le sábháilteacht/ cúrsaí bainistíochta beimid go léir ar an eolas go bhfuil monatóireacht á dhéanamh ar úsáid an idirlín.

Cianfhoghlaim

I gcúinsí nach féidir an teagasc a dhéanamh ar áitreabh na scoile, is féidir le múinteoirí agus SNAanna, ag gníomhú dóibh faoi stiúir múinteoirí, ardáin ar líne a úsáid lena n-áirítear Seomra Ranga Google, chun cabhrú le cianteagasc agus foghlaim. Tá an scoil tar éis clárú le téarmaí seirbhíse na n-ardán ar líne atá in úsáid ag an scoil. Chuir an scoil ar chumas na ngnéithe slándála agus príobháideachais is déanaí a sholáthraíonn na hardáin ar líne seo. Cloeoidh baill foirne le treoirlínte scoile maidir le húsáid ardáin le haghaidh rannpháirtíochta.
Bainfear úsáid as seoltaí ríomhphoist na dtuismitheoirí / caomhnóirí do leanaí chun ceachtanna a rochtain.
Ní mór do thuismitheoirí/caomhnóirí foirm toilithe a shíniú dá bpáistí chun dul i ngleic le múinteoirí agus le SNAanna ag baint úsáide as ardáin ar líne.
Ní mór do thuismitheoirí/caomhnóirí aontú monatóireacht a dhéanamh ar rannpháirtíocht a linbh in aon cheachtanna den sórt sin.

Bethar ag súil go leanfaidh páistí treoirlínte scoile maidir le hiompar ar líne.

Gréasán Scoile

Foilseofar obair dhaltaí i gcomhthéacs oideachais ar leathanaigh gréasáin le fógra cóipchirt a choscfaidh cóipeáil gan cead i scríbhinn

- Ní fhoilseofar grianghraif dhigiteacha nó físe de dhaltaí aonair ar an ngréasán scoile. Díreoidh grianghraif agus clibeanna fuaime agus físe ar ghníomhaíochtaí grúpaí
- Fágfar amach eolas pearsanta faoi dhaltaí agus griangrafanna á fhoilsiú
- Beidh úinéireacht ag daltaí fós ar an gcóipcheart ar aon obair a fhoilseofar.
- Déanfar scrúdú rialta ar an ngréasán chun deimhniú nach bhfuil sábháilteacht, príobháideachas nó dea-ainm páistí nó múinteoirí i mbaol.

Gléasanna Pearsanta

Ní cheadaítear do pháistí gléasanna pearsanta a théann ar an idirlíon a thabhairt ar scoil gan cead scríofa a fháil ón scoil roimhré.

Íomhánna & Fístaifead

- Is gá aire a thabhairt nuair a ghlactar grianghraif agus nuair a dhéantar taifead ar na páistí
- Ní cheadaítear do pháistí íomhánna a ghacadh, a úsáid, a fhoilsiú nó a roinnt gan cead.
- Ní cheadaítear íomhánna a ghacadh nó fístaifead a dhéanamh ar láthair na scoile nó ag imeachtaí scoile gan cead foirne a fháil roimhré.
- Lorgófar cead scríofa ó thuismitheoirí/caomhnóirí sula bhfoilseofar grianghraif na bpáistí ar an ngréasán.
- Ní cheadaítear do pháistí íomhánna nó físeáin a fhoilsiú chun dea-ainm duine eile a scrios.
- Tá cosc iomlán ar íomhánna gáirsiúla a roinnt. Cuirfear smachtbhanna nó iarmhairt dian ar aon duine a roinneann iad. Cuirfear páiste a roinneann íomhá gáirsiúil ar fionraí láithreach. (fch. Cód Iompair na Scoile)

Cibearbhulaíocht

- Nuair atá páistí, tuismitheoirí agus foireann scoile ar an idirlíon, is gá dóibh meas a léiriú i gcónaí.
- Ní ghlacfar le hiompar ar an idirlíon a ghortaíonn, a chiapaíonn nó a náiríonn páiste nó ball foirne agus bainfidh smachtbhannaí agus iarmhairtí leis an iompar seo. Curifear na Gardaí ar an eolas más cuí.
- Cuirtear in iúl do pháistí agus don fhoireann gur iompar diúltach neamhiarrtha í an bhulaíocht, bíodh sé i bhfoirm iompar briathartha, síceolaíoch nó fisiciúil, a dhéanann duine aonair nó grúpa in aghaidh duine nó daoine eile, agus a dhéantar arís agus arís eile.
- Ní chlúdaíonn an sainmhíniú ar bhulaíocht eachtraí aonaracha nó eachtraí aon uaire d'iompar diúltach d'aon ghnó, lena n-áirítear téacsteachtaireacht mhaslach nó goilliúnach aon uaire nó teachtaireachtaí príobháideacha eile. Déanfar déileáil leo, mar is cuí, de réir chód iompair na scoile.
- Tá cosaint ó chibearbhulaíocht lárnach sa pholasaí frithbhulaíochta scoile.

Reachtaíocht

Chuir an scoil eolas ar an reachtaíocht seo a leanas maidir le húsáid na hidirlín san áireamh is an polasaí seo á chur le chéile:

- An tAcht Cumarsáide (Sonraí a choimeád), 2011
- An tAcht um Chosaint Sonraí (Leasú) 2003
- An tAcht um Gháinneáil ar Leanaí agus Pornagrafaíocht Leanaí 1998
- An tAcht Tascartha 1993
- An tAcht um Fhístaifeadtaí, 1989
- An tAcht um Chosaint Sonraí 2018

Smachtbhannaí

Gearrfar smachbhannaí ar éinne a dhéanann mí-úsáid idirlín de réir Cód Iompar na Scoile agus/nó Polasaí Frithbhulaíochta na Scoile agus/nó Polasaí Um Chosaint Leanaí na Scoile. I measc na smachtbhannaí luaite sa Chód Iompar tá rabhadh scríofa, cumarsáid le tuismitheoirí, cailliúint pribhléidí agus i ndroch cásanna fionraí nó

díbirt. Tá breis eolais ar fáil sa Chód Iompar, Polasaí Frithbhulaíocht agus Polasaí Um Chosaint Leanaí. Tá sé de cheart ag an scoil aon ghníomhaíocht mídhleathach a chur in iúl do na húdaráis cuí.

Critéir Ráthúla

- Aiseolas dearfach ó mhúinteoirí agus ó thuismitheoirí/caomhnóirí.
- Bliain iomlán gan mí-úsáid idirlín
- *Positive feedback from teachers and paarents/ guardians.*
- *A school year without any misuse of internet.*

Athbhreithniú

Déanfar athbhreithniú ar an bpolasaí seo sa bhliain 2021.

Ghlac an Bord Bainistíochta leis an bpolasaí ar an
Cuirfear cóip den pholasaí ar fáil do gach ball foirne. Tabharfar cóip den pholasaí seo do thuismitheoirí/chaomhnóirí nua, agus síneofar é agus iad ag glacadh áite dá bpáiste sa scoil.

*This policy was ratified by the Board of Management on the **25/9/2019**.*
A copy of the policy will be made available to each member of staff. A copy of this policy will be given to parents and signed by them when they accept a place for their child in the school.

Sínithe: Máire Uí Airmhighe	**Sínithe**: Michelle Ní Thuama
Cathaoirleach, An Bord Bainistíochta	Príomhoide
Dáta: 2020/2021	Dáta: 2020/2021

Scoil Chualann - Polasaí Úsáid Idirlín
(Aguisín 1)

Foirm Thoilithe:

A Thuismitheoir,

Iarrtar ort le do thoil an polasaí seo a léamh, labhairt le do pháiste faoi ,an fhoirm thoilithe a shíniú agus í a sheoladh ar ais chuig an bpríomhoide.

Please review the attached School Internet Acceptable Use Policy, sign and return this permission form to the principal.

Ainm an Pháiste: _____

Rang: _____

Tá an polasaí ar úsáid idirlíon léite agam agus tugaim cead do mo pháiste rochtain a fháil ar an idirlíon.
Tuigim gur achmainn oideachais í agus go bhfuil gach iarracht déanta ag an scoil mo pháiste a chosaint ar aon bhaol a bhaineann lena húsáid.

As the parent or legal guardian of the above pupil, I have read the Acceptable Use Policy and grant permission for my son/daughter or the child in my care to access the internet.
I understand that Internet access is intended for educational purposes and that every reasonable precaution has been taken by the school to provide for online safety.

Síniú an tuismitheora/caomhnóra

_____

_____

Seoladh:

_____

Dáta:_____ Fón: _____

Scoil Chualann - Polasaí Úsáid Idirlín (Aguisín 2)

Conradh na nDaltaí (Rang 3 – Rang 6)

Is páiste freagrach mé. Léirím meas do dhaoine eile.

Tuigim:

- nach bhfuil cead agam dul ar an idirlíon gan cead an mhúinteora;
- nach bhfuil cead agam eolas phearsanta fúm féin nó faoi dhaoine eile a roinnt ar an idirlíon.
- nach bhfuil cead agam dul ar shuíomh idirlín atá mí-oiriúnach do pháistí.
- nach bhfuil cead agam dul isteach i seomraí comhrá nó socrú a dhéanamh casadh le duine ón idirlíon.
- go mbeidh iarmhairt i gceist muna leanaim rialacha na scoile maidir le húsáid idirlín.

I am a responsible child. I show respect to others.

I undestand that:

- *I may not access the internet without my teacher's permission.*
- *I am not permitted to share my personal information or that of others on the internet.*
- *I am not permitted to visit websites that are inappropriate for children.*
- *I may not enter chat rooms and may not organise face-to-face meetings with someone met online*
- *consequences will follow if I do not follow the school rules with regards to internet usage.*

Tá an conradh thuas pléite agam le mo pháiste. Tuigimid gur phribhléid oideachasúil atá ann an idirlíon a úsáid ar scoil. Cloífimid le Polasaí Úsáid Idirlín Scoil Chualann.

I have discussed the above contract with my child. We understand that using the internet in school is an educational privilege. We will comply with Scoil Chualann's Acceptable Internet Usage Policy.

Síniú an Dalta *(Student Signature)*:_____

Rang *(Class)*:_____ Dáta *(Date)*:_____

Síniú an tuismitheora/caomhnóra *(Parent/Guardian)*

_____ _____

Scoil Chualann - Polasaí Úsáid Idirlín
(Aguisín 3)

Foirm Thoilithe an Mhúinteora:

Iarrtar ort led 'thoil an polasaí PUI a léamh, an fhoirm thoilithe seo a shíniú agus í a chur ar ais chuig an bpríomhoide.
Tuigim gur le haghaidh cúrsaí scoile amháin atá an ríomhaire glúine le húsáid, bíodh sé sin sa bhaile nó sa scoil Tabharfaidh mé aire don ríomhaire 'fhad is ata sé i mo sheilbh..Déanfaidh mo dhícheall a chinntiú nach scaipfear eolas pearsanta.

Ainm an Mhúinteora: _____

Rang: _____

Tá an Polasaí léite agam agus táim sásta cloí leis.

Siniú an Mhúinteora: _____ Dáta: _____

Scoil Chualann